



2020

Ráitis Airgeadais agus
Ráitis Chaolmhara

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Réamhrá

Tá áthas ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 a chur faoi bhráid an chúigiú cruinniú ginearálta bliantúil déag d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ('ÚMICÉ'), i dteannta thuarascálacha na stiúrthóirí, a ullmhaíodh de bhun fhorálacha alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('Acht 2014').

Príomhghníomhaíochtaí

Oibríonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is é an comhlacht reachtúil neamhspleách in Éirinn é atá freagrach as:

- tuairisciú airgeadais tréimhsiúil de chuid eintitis liostaithe áirithe a scrúdú agus a fhorfheidhmiú;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna na gcomhlachtaí cuntasaíochta aitheanta i leith iniúchóirí reachtúla agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna rialála na gcomhlachtaí cuntasaíochta forordaithe ('CCFanna');
- caighdeán maidir le hiniúcháireacht, eitic ghairmiúil agus rialú cáilíochta inmheánach a ghlacadh; agus
- cigireacht a dhéanamh ar fheabhsuithe i gcáilíocht iniúcháireachta ar eintitis leasa phoiblí agus na feabhsuithe sin a chur chun cinn.

Tá ÚMICÉ ainmnithe freisin mar an t-údarás inniúil le haghaidh clárú agus dearbhú cáilíochta iniúchóirí agus eintiteas iniúcháireachta áirithe de chuid tríú tíortha. Ní thrádáilann an chuideachta chun brabach a ghnóthú dá comhaltaí.

Forléargas gnó

Sa tuarascáil bhliantúil, tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí agus forbairtí todhchaí ÚMICÉ.

Staid airgeadais

Tá sócmhainní agus dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta leagtha amach go mion sna ráitis airgeadais ar leathanaigh 13 go 28.

Riosca agus neamhchinnteachtaí

Daingníonn na stiúrthóirí, go mbeidh, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), beartas bainistithe riosca agus nósanna imeachta bainistithe riosca forbartha agus glactha chun éascaíocht a dhéanamh do shainaithint, cainníochtú agus bainistiú na bpríomhrioscaí gnó atá roimh ÚMICÉ.

Taifid chuntasaíochta

Chun a áirithiú go ndéanfar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a chothabháil i gcomhréir le ceanglais ailt 281 go 286 d'Acht 2014, tá Ceann Airgeadais atá cáilithe go cuí fostaithe ag ÚMICÉ agus soláthraíonn sé acmhainní leordhóthanacha don fheidhm airgeadais. Tá na taifid chuntasaíochta le fáil in oifig chláraithe ÚMICÉ ag Teach na Sailí, Páirc na Mílaíse, an Nás, Co. Chill Dara.

Faisnéis iniúcháireachta iomchuí a sholáthar

I gcomhréir le halt 330(1) d'Acht 2014, creideann na stiúrthóirí go bhfuil na bearta uile is gá déanta acu chun go mbeidh siad ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúcháireachta iomchuí agus shuigh siad go bhfuil an t-iniúcháir ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Go feadh a eolais, ní hann d'aon fhaisnéis iniúcháireachta iomchuí nach bhfuil an t-iniúcháir ar an eolas fúithi.

Imeachtaí tar éis dheireadh na tréimhse tuairisciúcháin

Níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairisciúcháin lena gceanglófaí nochtadh sna ráitis airgeadais.

Iniúcháir

Fanann iniúcháir ÚMICÉ, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, san oifig i gcomhréir le forálacha alt 927(2) d'Acht 2014.

Rialachas

Bunaíodh ÚMICÉ faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 ('Acht 2003'), agus oibríonn sé mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht 2014. Tá feidhmeanna an bhoird leagtha amach in alt 905 d'Acht 2014. Tá an bord neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus is é atá freagrach as dea-rialachas a áirithiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomh-shaincheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a leagann an bord síos a leanúint, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na

príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfadh chun cinn. Cé go bhfreastalaíonn bainisteoirí sinsearach go rialta ar chruinnithe boird, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, is stiúrthóir, mar theagmháil dhíreach idir an bord agus lucht bainistíochta ÚMICÉ.

Freagrachtaí an bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an bhoird leagtha amach i sceideal ábhar atá forchoimeáda don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coinbhleachtaí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;
- ábhair lena gcinneadh;
- ábhair lena bplé;
- bainistiú riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- tuarascáil an Rúnaí.

Le halt 927 d'Acht 2014, ceanglaítear ar ÚMICÉ na cuntais uile is cuí agus is gnách a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé a choinneáil, i cibé foirm a fhormheasfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('an tAire'), arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar bhord ÚMICÉ an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura rud é go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm; agus
- a rá cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil lena nochtar, le cruinneas réasúnach aon tráth, a staid airgeadais agus lena gcumasaítear dó a áirithiú go mbeidh na ráitis airgeadais i gcomhréir le halt 927 d'Acht 2014, agus mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, le halt 281 d'Acht 2014. Is é an bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais corparáidí ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. D'fhormheas an bord an buiséad bliantúil do 2020 ag a chruinniú an 5 Samhain 2019. Rinne an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear caiteachas iarbhir agus buiséadaithe, a mheas ag gach cruinniú in 2020. Rinneadh meastóireacht leanúnach ar shaincheisteanna oibríochtúla ag gach cruinniú freisin. An 5 Samhain 2019, d'fhormheas an bord clár oibre trí bliana an Údaráis, 2020 - 2022.

Tá an bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

I ráitis airgeadais ÚMICÉ, measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas atá fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ ag an 31 Nollaig 2020.

Freagrachtaí an bhoird

Rialaíonn bord naonúir stiúrthóirí ÚMICÉ, agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ceaptha ag an Aire tar éis a bheith ainmnithe ag eintitis a shonraítear in Acht 2014. Is é an t-aon stiúrthóir atá fágtha ná an Príomhfheidhmeannach, duine atá ceaptha ag an mbord. Sonraítear in Acht 2014 go n-oibríonn an tÚdarás go neamhspleách ar an rialtas agus go bhfuil cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás agus a fheidhmeanna á nурсcaoileadh. Foráiltear in Acht 2014 go bhféadfar comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse trí go cúig bliana. Tríd is tríd, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Tá comhdhéanamh an bhoird ag an 31 Nollaig 2020, agus gluaiseachtaí ón dáta sin i leith, leagtha amach thíos:

Comhdhéanamh an bhoird ag an 31 Nollaig 2020

Comhalta boird	Post	Comhlacht ainmniúcháin	Dáta ceapacháin
Martin Sisk (Cathaoirleach)	Aturnae agus iar-rialtóir	Aire	21 Nollaig 2016
Mary Burke*	Ceann Rialachais agus Athléimneachta Oibríochtúla	An Banc Ceannais	14 Deireadh Fómhair 2015
Clodagh Hegarty*	Léachtóir	CCFanna	30 Bealtaine 2020
David Hegarty	Príomhoifigeach	An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3 Eanáir 2020
Aisling Kennedy	Stiúrthóir	Aire	10 Nollaig 2020
Aisling McArdle	Ceann Rialála, Euronext Baile Átha Cliath	Stocmhalartán na hÉireann	29 Lúnasa 2019
Ronan Nolan*	Cuntasóir Cairte	CCFanna	30 Bealtaine 2020
Kevin Prendergast*	Príomhfheidhmeannach	<i>Ex-officio</i>	14 Samhain 2016
Kathleen Redmond	Príomhoifigeach	Na Coimisinéirí Ioncaim	24 Eanáir 2020

* Comhaltas de CCF atá i gceist leis sin

Mionsonraí i dtaobh ceapacháin agus athcheapacháin chuig an mbord le linn na bliana

Stiúrthóir	Dáta ceapacháin	Comhlacht ainmniúcháin	Cúis an fholúntais	Éagann/d'éag an téarma
Clodagh Hegarty*	30 Bealtaine 2020	CCFanna	Deireadh le Barántas Ceapacháin Etain Doyle	29 Bealtaine 2023
David Hegarty	3 Eanáir 2020	An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	Deireadh le Barántas Ceapacháin Conor O'Mahony	2 Eanáir 2023
Aisling Kennedy	10 Nollaig 2020	Aire	Deireadh le Barántas Ceapacháin Nicole Lappin	9 Nollaig 2023
Ronan Nolan*	30 Bealtaine 2020	CCFanna	Deireadh le Barántas Ceapacháin David Devlin	29 Bealtaine 2023
Kathleen Redmond	24 Eanáir 2020	Na Coimisinéirí Ioncaim	Caitríona Crowley d'éirí as oifig	2 Eanáir 2021

Ní raibh na daoine seo a leanas ina stiúrthóirí an dáta tuairisciúcháin:

Comhalta	Comhlacht ainmniúcháin	Tús an téarma oifige	Scor an téarma oifige
Mary Burke, Uasal*	An Banc Ceannais	10 Deireadh Fómhair 2015	2 Eanáir 2021
Kathleen Redmond, Uasal	Na Coimisinéirí Ioncaim	24 Eanáir 2020	2 Eanáir 2021

Go luath i mí Eanáir 2021, chuir an bord tús le próiseas meastóireachta seachtraí dá fheidhmíocht féin in 2020. Rinne an bord athbhreithniú ar cheistneoir meastóireachta agus reáchtáil sé plé maidir leis sin ag a chruinniú an 26 Eanáir 2021.

Bhunaigh an bord roinnt coistí chun cuidiú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a urscaoileadh. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag na Coistí uile agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Tá mionsonraí i dtaobh mhandáidí agus chomhaltais na gcoistí leagtha amach thíos.

Coistí Boird – mandáidí agus comhaltas

Coiste	Mandáid	Comhaltas ag an 31 Nollaig 2020
Alt 933 coistí	I gcomhréir le halt 933 d'Acht 2014, bunaíonn ÚMICÉ Coistí Fiosrúcháin ó thráth go chéile chun a chinneadh cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon CCF a nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta formheasta.	Déantar comhaltaí boird a ainmniú do Choistí Fiosrúcháin de réir mar is gá sin agus nuair is gá sin.
Alt 934 coistí	I gcomhréir le halt 934 d'Acht 2014, bunaíonn ÚMICÉ Coistí Fiosrúcháin ó thráth go chéile chun a chinneadh cibé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir gur sháraigh comhalta CCF caighdeáin.	Déantar comhaltaí boird a ainmniú do Choistí Imscrúdaithe de réir mar is gá sin agus nuair is gá sin.
Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ('CIR')	Faireachán ar shláine ráitis airgeadais ÚMICÉ, éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca ÚMICÉ agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas iniúcháireachta inmheánach agus seachtrach.	Aisling McArdle (Cathaoirleach) David Hegarty Ronan Nolan

I gcás ina bhfuil alt 933 nó 934 coistí bunaithe, tuairiscíonn siad don bhord ar bhonn rialta maidir le dul chun cinn fiosrúcháin/imscrúduithe agus saincheisteannta tábhachtacha eile is iomchuí maidir le rialachas foriomlán ÚMICÉ (e.g. ábhair a bhaineann le riosca dlíthíochta etc.). Le linn na réamhchéimeanna d'fhiosrúcháin/d'imscrúduithe, soláthraíonn an fheidhmeannacht tuairisciú den tsamhail chéanna. Ní fhaigheann an bord tuarascálacha maidir le hábhar fiosrúcháin na imscrúduithe.

Tá CIR comhdhéanta de thriúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus tá a théarmaí tagartha leagtha amach i gCairt an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, rud atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leis an gcairt, leagtar amach róil agus freagrachtaí sonracha do CIR.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Déantar mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

	Bord	CIR	Táillí (€)	Costais (€)
	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu/ cruinnithe ar féidir freastal orthu		Nóta 1	Nóta 2
Martin Sisk (Cathaoirleach)	9/9		€11,970	€1,310
Kevin Prendergast (Príomhfheidhmeannach)	9/9		-	Nóta 3
Mary Burke	7/8		-	-
David Devlin	3/3	2/2	€3,163	-
Etain Doyle	4/4		€3,163	-
Clodagh Hegarty	5/5		€4,551	-
David Hegarty	9/9	0/1	-	-
Aisling Kennedy	1/1		€443	-
Nicole Lappin	6/6	3/3	€5,406	-
Aisling McArdle	9/9	4/4	€7,695	-
Ronan Nolan	5/5	2/2	€4,551	-
Kathleen Redmond	6/8		-	-

Nóta 1: Comhaltaí ar seirbhísigh phoiblí iad, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, níl siad i dteideal táillí a fháil.

Nóta 2: I dteannta na gcostas a leagtar amach sa Tábla seo, thabhaigh ÚMICÉ costais €1,325 i leith seomra a fháil ar cíos agus caiteachas teagmhasach a bhaineann le gníomhaíochtaí boird.

Nóta 3: Déantar costais a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach, stiúrthóir/comhalta boird ex-officio, a eisiamh ón tábla seo ar an mbonn go dtabhaíonn sé iad de bhun a róil mar Phríomhfheidhmeannach seachas mar chomhalta boird. In aon chás, déantar aon chostais a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach a nochtadh go poiblí i ráitis airgeadais ÚMICÉ.

Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí ÚMICÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Tá athruithe i gcomhaltas an bhoird sa tréimhse leagtha amach thuas.

Nochtuithe a cheanglaítear leis an gCód

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá anailís ar luach saothair fostaithe iomlán (lena n-áirítear tuarastail agus sochair eile, ach seachas fabhrúithe saoire le pá agus ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe) dóibh sin a thuilleann breis is €60,000 leagtha amach i Nóta 14 de na ráitis airgeadais.

Costais sainchomhairleoireachta

Tá anailís ar chaiteachas sainchomhairleoireachta leagtha amach i Nóta 17 de na ráitis airgeadais.

Costais dlí agus socraíochtaí

Níorbh ann d'aon socraíochtaí dlí sa bhliain [2019: socraíocht nialasach]. Baineann na costais dlí a tabhaíodh le comhairle dhlí ghinearálta.

Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá anailís ar chaiteachas taistil agus cothaithe leagtha amach i Nóta 16 de na ráitis airgeadais.

Caiteachas fáilteachais

Tá anailís ar chaiteachas fáilteachais leagtha amach i Nóta 18 de na ráitis airgeadais.

Ráiteas comhlíontachta

Chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Formheasta agus údaraithe chun críche eisiúna ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
Cathaoirleach
1 Meitheamh 2021

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
1 Meitheamh 2021

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, admhaím gurb é an bord atá freagrach as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeacht rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á oibriú. Mar chuid den fhreagracht sin, cuirtear san áireamh ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, tríd an gcóras, ní féidir ach amháin dearbhú réasúnach seachas absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireadh i bhfeidhm in ÚMICÉ é le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dáta formheasta na ráiteas airgeadais seachas na saincheistanna rialaithe inmheánaigh atá leagtha amach thíos.

Cumas déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag ÚMICÉ atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí boird, agus an Cathaoirleach ar dhuine díobh. I gcomhréir le halt 907(2A) d'Acht 2014, tá eolas ag na comhaltaí boird uile i réimsí is iomchuí maidir le hiniúchadh reachtúil a sheoladh. Tháinig CIR le chéile ceithre huaire in 2020.

Cheap ÚMICÉ CrowleysDFK freisin mar iniúcháirí inmheánacha le haghaidh na tréimhse 2020-2022, agus tá acmhainní leordhóthanacha ag na hiniúcháirí sin chun clár oibre arna chomhaontú le CIR a sheoladh.

D'fhorbair ÚMICÉ beartas bainistithe riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile atá ceaptha oibriú laistigh de bheartais bainistithe riosca ÚMICÉ, an bhainistíocht a chur ar a hairdeall faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i ngníomh ag ÚMICÉ lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh ÚMICÉ agus sainaithníodh, measadh agus grádaíodh iad de réir a dtábhachta. Déanann CIR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú. Tuairiscítear rioscaí measartha agus suntasacha don bhord freisin, i gcás inar mír bhuan an bhainistíocht riosca ar an gclár. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainisteofar rioscaí chuig leibhéal inghlactha.

Sa chlár riosca, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus freagracht chun rialuithe a shanntar d'fhoireann shonrach a oibriú. Daingním go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas, i bhfeidhm:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta leis an gcutasacht chomhfhreagrach;
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil arna choinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach;
- is ann do chórais arb é is aidhm dóibh slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord, i gcás inarb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Daingním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú;
- sannadh an fhreagracht i leith bainistíocht airgeadais do Cheann na Seirbhísí Corparáideacha, cuntasóir gairmiúil; agus
- déanann an Príomhfheidhmeannach agus an bord athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht i leith buiséad/réamhaisnéisí.

Tionchar COVID-19

TFC:

Bhí beartas ÚMICÉ chun cianobair a éascú do na fostaithe uile i bhfeidhm, agus faoi mhí an Mhárta 2020, soláthraíodh ríomhairí glúine agus córas rochtana slán, cianda chun oibriú ón mbaile. I gcomhréir le treoirlínte ón rialtas, spreag ÚMICÉ an fhoireann uile le hoibriú ón mbaile ón 12 Márta 2020, agus tá oifigí ÚMICÉ dúnta don fhoireann uile le linn shrianta leibhéil 4 nó leibhéil 5.

Airgeadas:

I bhfianaise scála ÚMICÉ, tá rialú airgeadais lárnaithe den chuid is mó laistigh den fhoireann seirbhísí corparáideacha. Rinne an fhoireann athbhreithniú ar na gnéithe uile den timpeallacht rialaithe airgeadais, agus mhodhnaigh sí nósanna imeachta i gcás inar gá nó inar cuí chun feidhmiú i dtimpeallacht chianda. Is éard atá iontu, tríd is tríd, daingniú leictreonach a chur in ionad síniú fisiciúil mar fhianaise athbhreithnithe. Tríd sin, bhíodhas in ann próisis níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm gan aon laghdú ar rialú airgeadais.

Folláine fostaithe:

Aithníonn ÚMICÉ, bíodh agus go dtéitear i ngleic le srianadh rochtana fisiciúla leis an teicneolaíocht, nach gá go dtéitear i ngleic le tionchar mothúcháin na paidéime léi, ná le leithlisiú ó chomhghleacaithe. Rinne ÚMICÉ roinnt beart chun dul i ngleic leis na tionchair sin, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe a bhaint as físeán mar mhodh cumarsáide, agus oiliúint rialta agus coinní "sos caife" chun an chumarsáide agus an idirghníomhaíocht a spreagadh ar fud na heagraíochta. Tá coiste folláine i bhfeidhm ag ÚMICÉ freisin chun cuidiú le tionscnaimh, mar aon le clár cúnamh fostaithe seachtrach.

Oibríochtaí:

Tá córais curtha i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun a chumasú dó leanúint dá ghníomhaíochtaí maoirseachta agus formhaoirseachta ar bhonn cianda. Cuireadh rialuithe i bhfeidhm chun sonraí a úsáidtear sna próisis sin a chosaint.

Brexit

Tá bearta déanta ag ÚMICÉ freisin chun a áirithiú nach mbeidh a shamhlacha rialála srianta de dheasca Brexit, ná de dheasca an Ríocht Aontaithe do theacht chun bheith ina tríú tír chun críoch formhaoirseachta agus RGCS.

Soláthar

Daingnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun a áirithiú go mbeidh sé i gcomhréir le rialacha soláthair reatha agus treoirlínte soláthair reatha.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Daingnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Tá an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann ÚMICÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a n-obair, agus na bainistíochta sinsearaí laistigh de ÚMICÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Daingnímid go ndearna an bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

Martin Sisk

Cathaoirleach

1 Meitheamh 2021

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Comhlíonann ÚMICÉ a fheidhmeanna agus feidhmíonn sé a chumhachtaí trí chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, atá ainmnithe chun na críche sin i gcomhréir le hAcht 2014.

Le dlí na gcuideachtaí, ceanglaítear ar stiúrthóirí ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú do gach bliain airgeadais ina dtugtar léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta, amhail ag dáta deiridh na bliana airgeadais, agus ar a bharrachas nó easnamh don tréimhse sin agus Acht 2014 a chomhlíonadh thairis sin. Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, atá ullmhaithe i gcomhréir le FRS 102 The Financial Reporting Standard applicable in the United Kingdom and Ireland [FRS 102 An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn], ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta Éireannacha a bhfuil glacadh leo go ginearálta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a rá cibé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta chuí, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus an chúis le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaíl; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura rud é go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh ÚMICÉ i bhfeidhm.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoinníonn an chuideachta nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina dtugtar míniú ceart agus ina ndéantar taifead ceart ar idirbhearta na cuideachta, lena gcumasaítear aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnach, lena gcumasaítear dóibh a áirithiú go mbeidh na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Is iad atá freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc.

In alt 927(1) d'Acht 2014, foráiltear thairis sin go ndéanfaidh ÚMICÉ '... taifid a choinneáil den mhéid seo a leanas agus gach cuntas is cuí agus is gnách a ullmhú den mhéid seo a leanas –

- (a) an t-ioncam uile a fuair sé, lena n-áirítear taifid d'fhoinsí an ioncaim sin,
- (b) an caiteachas uile a thabhaigh sé, agus
- (c) a shócmhainní agus a dhliteanais'.

Formheasta agus údaraithe chun críche eisiúna ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
Cathaoirleach
1 Meitheamh 2021

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
1 Meitheamh 2021

Tuairim an tArd Reachtaire Cuntas & Ciste



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 927 of the Companies Act 2014. The financial statements comprise the statement of financial position, the statement of income and expenditure, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of cash flows and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020
- have been properly prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*, and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Act 2014.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Conclusions related to going concern

The directors have prepared the financial statements on a going concern basis. As described in the appendix to this report, I conclude on

- the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting by the directors and
- whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern.

I have nothing to report in that regard.

Opinion on matters prescribed by the Companies Act 2014

Based solely on the work undertaken in the course of the audit, I report that in my opinion

- the information given in the report of the directors is consistent with the financial statements, and
- the report of the directors has been prepared in accordance with the Companies Act 2014.

I have obtained all the information and explanations that I consider necessary for the purposes of my audit.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, and the financial statements are in agreement with the accounting records.

The Companies Act 2014 also requires me to report if, in my opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not made. I have nothing to report in that regard.

Appendix to the report

Responsibilities of the Directors

As detailed in the directors' report, the directors are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under the Companies Act 2014
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 927 of the Companies Act 2014 to audit the financial statements of the Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the company to cease being a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Report of the C&AG (continued)

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The directors have presented certain other information with the financial statements. This comprises the annual report including the report of the directors, the statement on internal control and the director's responsibility statement. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.



Mark Brady
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
4 June 2021

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail

ar an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
Sócmhainní neamhreatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	4	48,770	74,537
Costais léasa airgeadais iarchurtha		-	112
		48,770	74,649
Sócmhainní reatha			
Fardal		2,265	2,490
Earraí infhaighte	5	339,097	116,449
Costais léasa airgeadais iarchurtha		113	325
Airgead agus coibhéisí airgid	6	2,022,172	1,755,755
		2,363,647	1,875,019
Creidiúnaithe: Méideanna a thagann chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin			
Suimeanna iníoctha	7	239,014	189,376
Dreasacht cíosa iarchurtha	8	6,710	6,710
Oibleagáidí léasa airgeadais	9	2,063	2,063
Ioncam tobhaigh CCF barrachais	10	799,118	617,025
Ioncam tobhaigh gnólachta iniúchóireachta ELP barrachais	10	717,177	628,966
Ioncam Deontais Roinne Barrachais	10	216,179	110,851
		1,980,261	1,554,991
Glansócmhainní reatha		383,386	320,028
Méideanna a thagann chun bheith dlite tar éis bliain amháin			
Dreasacht cíosa iarchurtha	8	25,469	32,180
Oibleagáidí léasa airgeadais		1,033	3,096
		26,502	35,276
Glansócmhainní roimh shochair scoir		405,654	359,401
Sochair scoir			
Dlíteanas sochair scoir	11	(8,137,000)	(5,266,000)
Cistiú sochair scoir státhchiste iarchurtha	11	8,137,000	5,266,000
Glansócmhainní tar éis sochair scoir		405,654	359,401
Cúlchistí			
Cúlchiste ioncaim		-	-
Cuntas caipitil	12	48,770	74,537
Cúlchiste		356,884	284,864
Cistí comhaltaí		405,654	359,401

Formheasta agus údaraithe chun críche eisiúna ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
Cathaoirleach
1 Meitheamh 2021

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
1 Meitheamh 2021

Ráiteas ar ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch

an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
Ioncam	13	4,252,501	4,144,177
Costais riaracháin			
Costais foirne	14	3,245,574	2,863,883
Táillí stiúrthóirí	15	40,943	37,669
Cóiríocht		260,717	260,493
Taisteal agus cothú	16	29,450	137,765
Seirbhísí dlí agus gairmiúla	17	304,868	507,328
Caiteachas oifige	18	62,166	85,344
Teicneolaíocht faisnéise		84,699	89,911
Forbairt ghairmiúil		97,269	106,850
Árachas		31,081	27,731
Luach saothair an iniúcháir	19	15,700	14,300
Dímheas		33,559	46,948
Costais riaracháin iomlána		4,206,026	4,178,222
Barrachas/(Easnamh) ioncaim i leith costais riaracháin roimh chostais airgeadais		46,475	(34,045)
Costais airgeadais		324	512
Barrachas/(Easnamh) ioncaim i leith costais riaracháin tar éis costais airgeadais		46,151	(34,557)
Ioncam airgeadais	20	102	102
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		46,253	(34,455)
Ioncam cuimsitheach eile			
Taithí (caillteanais) ar dhliteanais scéime pinsin		(257,000)	(313,000)
Athrúithe i dtoimhdí		(1,915,000)	(507,000)
Coigeartú ar chistiú pinsin státchiste iarchurtha		2,172,000	820,000
Barrachas/(easnamh) aitheanta iomlán don bhliain		46,253	(34,455)

Formheasta agus údaraithe chun críche eisiúna ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
Cathaoirleach
1 Meitheamh 2021

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
1 Meitheamh 2021

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil don bhliain dar críoch

an 31 Nollaig 2020

	Cúlchiste Ioncaim €	Cuntas Caipitil €	Cúlchiste €	GLANSÓ- CMHAINNÍ €
Iarmhéid – an 1 Eanáir 2019	-	90,075	303,781	393,856
Easnamh don bhliain	(34,455)	-	-	(34,455)
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:	-	-	-	-
Ioncam a cuireadh chun feidhme maidir le fáiltais sócmhainne chaipitlithe	(31,410)	31,410	-	-
Lúide: Amúchadh a cuireadh chun feidhme i gcomhréir le dímheas sócmhainne	46,948	(46,948)	-	-
Ioncam is infhaighte ar airgead cúlchiste	(23)	-	23	-
Méideanna is iníoctha ón gcúlchiste (A. 933, 2014 Acht)	18,940	-	(18,940)	-
Nithe achtúireachta (caillteanais) ar dhlíteanais phinsin	(1,437,000)	-	-	(1,437,000)
Coigeartuithe ar chistiú pinsin státchiste iarchurtha	1,437,000	-	-	1,437,000
Iarmhéid – 31 Nollaig 2019 / 1 Eanáir 2020	-	74,537	284,864	359,401
Easnamh don bhliain	46,253	-	-	46,253
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:	-	-	-	-
Ioncam a cuireadh chun feidhme maidir le fáiltais sócmhainne chaipitlithe	(7,792)	7,792	-	-
Lúide: Amúchadh a cuireadh chun feidhme i gcomhréir le dímheas sócmhainne	33,559	(33,559)	-	-
Ioncam is infhaighte ar airgead cúlchiste	(20)	-	20	-
Ioncam féineála – a.934	(72,000)	-	72,000	-
Nithe achtúireachta (caillteanais) ar dhlíteanais phinsin	(2,871,000)	-	-	(2,871,000)
Coigeartuithe ar chistiú pinsin státchiste iarchurtha	2,871,000	-	-	2,871,000
An t-iarmhéid – 31 Nollaig 2020	-	48,770	356,884	405,654

Formheasta agus údaraithe chun críche eisiúna ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
Cathaoirleach
1 Meitheamh 2021

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
1 Meitheamh 2021

Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch

an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €	2019 €
Glan-insreabhadh airgid/(glan eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	21	274,107	(365,243)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
An t-ús a fuarthas		102	103
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní dochta inláimhsithe a fháil		(7,792)	(31,410)
Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain		266,417	(396,550)
Réiteach an ghlan-sreabhaidh airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí			
Méadú/(Laghdú) i nglanchistí sa bhliain	22	266,417	(396,550)
Glanchistí an 1 Eanáir		1,755,755	2,152,305
Glanchistí an 31 Nollaig		2,022,172	1,755,755

Formheasta agus údaraithe chun críche eisiúna ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
Cathaoirleach
1 Meitheamh 2021

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
1 Meitheamh 2021

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS 102 The Financial Reporting Standard applicable in the United Kingdom and Ireland [An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn], rud a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Ós rud é nach dtrádálann an chuideachta chun brabach a ghnóthú dá comhaltaí, chinn na stiúrthóirí gurb amhlaidh atá Ráiteas loncaim agus Caiteachais lena nochtar an barrachas nó an t-easnamh don bhliain, seachas cuntas Brabúis agus Caillteanais, cuí dá bhforáiltear in Alt 291(5) d'Acht 2014. Ar an gcuma chéanna, sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais, soláthraítear an fhaisnéis uile a nochtfaí murach sin sa Chlár Comhardaithe.

I gcomhréir le FRS 102, cuimsítear sna Ráitis Airgeadais sin an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil, Ráiteas ar Shreafaí Airgid, agus Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

2. Na beartais chuntasaíochta a cuireadh chun feidhme

2.1 Sócmhainní neamhreatha - dímheas

Sonraítear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag costas lúide an dímheas carntha. Déantar an dímheas a mhuirearú i leith an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas ar bhonn líne dhíreach, agus ríomhtar an muirear thar shaol úsáideach measta na sócmhainní.

2.2 Sócmhainní neamhreatha a ceannaíodh roimh bhunú

Ba de réir costais a thaifead an tÚdarás na sócmhainní neamhreatha faoi úinéireacht agus faoi rialú ÚMICÉ. I dteannta na sócmhainní sin, is féidir le ÚMICÉ úsáid a bhaint as sócmhainní áirithe a cheannaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('an Roinn') sular bunaíodh an tÚdarás in 2005. Aistríodh úinéireacht na sócmhainní sin chuig an Údarás in 2020. In alt 17 de FRS 102, leagtar amach na rialacha a bhaineann le tomhas tosaigh na sócmhainní an dáta aitheantais. Ós rud é go raibh na sócmhainní a aistríodh ar a laghad 15 bliana d'aois, agus gur aistríodh saor in aisce iad, aithníodh sna ráitis airgeadais seo ag luach nialasach iad.

2.3 Fardal

Is ionann stoic ar láimh i ndeireadh na tréimhse agus stoic earraí inchaite teicneolaíochta faisnéise agus earraí inchaite oifige agus is ag an gcostas agus ag an nglanluach inréadaithe is ísle a luaitear iad.

2.4 Aitheantas ioncaim

Faigheann ÚMICÉ ioncam ó roinnt foinsí chun freastal do chaiteachas a tabhaíodh agus a fheidhmeanna á seoladh. I dtéarmaí ginearálta, aon mhéideanna a fhaightear atá níos mó nó níos lú den chaiteachas a tabhaíodh, aithnítear mar

chreidiúnaí nó mar fhéichiúnaí faoi seach iad. Foráiltear in alt 921(1) d'Acht 2014 go dtagann laghdú, le méideanna barrachais, ar an méid is iníoctha don tréimhse airgeadais ina dhiaidh sin. Maidir le bonn an chistiúcháin agus leis an mbeartas cuntasáiochta i ndáil le haitheantas ioncaim, tá siad leagtha amach thíos.

Foinse ioncaim	Críoch	Beartas aitheantais
Ioncam Tobhaigh		
Státchiste (tríd an Roinn)	Cistíonn an Státchiste 40% de ghlancaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach gcistítear ó na foinsí eile atá liostaithe thíos.	Aitheanta i gcomhréir leis an gcaiteachas a tabhaíodh i bhfeidhmiú na feidhme sa tréimhse airgeadais.
Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe	Cistíonn CCFanna 60% de ghlancaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach gcistítear ó na foinsí eile atá liostaithe thíos.	Méideanna a fuarthas sa bhreis ar an méid sin, aithnítear mar chreidiúnaí iad.
Gnólachtaí iniúchóireachta Eintitis Leasa Phoiblí ('ELP')	Cistíonn gnólachtaí iniúchóireachta ELP costais atá bainteach leis an gcigireacht ar cháilíocht iniúchtaí ar ELPanna	
Státchiste (tríd an Roinn)	Cistíonn an Státchiste costais i ndáil lena fheidhmeanna faoi Rialacháin na Treorach Trédhearcachta	
Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta ('CCAnna')	Cistíonn CCAnna (CCFanna atá údaraithe chun iniúcháirí a aithint) costais atá bainteach le glacadh Caighdeán Iniúchóireachta lena núsáid in Éirinn	
Státchiste (tríd an Roinn)	Úsáidtear an Cúlchiste go príomha chun costais a bhaineann le halt 933 fiosrúcháin reachtúla a íoc. I gcás ina n-eascaíonn tobhaigh, déantar iad a ghearradh ar an Státchiste agus CCFanna faoi seach i gcoibhneas 40:60 faoi alt 919 d'Acht 2014	Aitheanta ar dháta formheasa ag an Aire.
Ioncam Neamhthobhaigh		
Ioncam fíneála	Déantar ioncam a eascraíonn as fíneálacha a fhorchuireann ÚMICÉ de bhun fiosrúcháin reachtúla agus imscrúduithe reachtúla faoi ailt 933 agus 934 d'Acht 2014 faoi seach a thaisceadh sa Chúlchiste, agus is féidir é a úsáid go heisiach chun costais fiosrúcháin nó imscrúdaithe a bhaineann leis an alt céanna a íoc.	Aitheanta dáta na socraíochta (má socraíodh) nó dáta an fhormheasa ón Ard-Chúirt
Costais imscrúdaithe a fhorchúiteamh	Ag brath ar an gcineál sárarithe, déanann an duine is ábhar don imscrúdú (an 'duine sonraithe') faoi alt 934 d'Acht 2014 imscrúduithe a chistiú, nó déanann an CCA dá bhfuil an duine sonraithe mar chomhalta iad a chistiú.	Aitheanta dáta na socraíochta (má socraíodh) nó dáta an fhormheasa ón Ard-Chúirt
Táillí eintitis iniúchóireachta tríú tír	Úsáidtear an t-ioncam sin chun fritháireamh a dhéanamh ar chostais atá bainteach le próiseáil a dhéanamh ar iarrataí cláraithe ó iniúcháirí neamhAE lena n-aithint in Éirinn.	Aitheanta tráth an chlárúcháin. Táillí clárúcháin sa bhreis ar €40,000, ní mór iad a chur ar ais chuig an Roinn.

2.5 An príomhphearsanra bainistíochta

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí ÚMICÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú.

2.6 Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí

Oibríonn ÚMICÉ Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí ("An Scéim Aonair"), is scéim sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí comhaltaí de chuid na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla

3.1 Sochair scoir

Tá an staid maidir le scéimeanna aoisliúntais ÚMICÉ mar atá leagtha amach i Nóta 11. In alt 28.10(a) de FRS 102 sainítear scéimeanna ranníoca shainithe mar "*pleananna sochair iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh (ciste) agus nach bhfuil aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe air ranníocaíochtaí breise a íoc ná íocaíochtaí sochair díreacha a dhéanamh le fostaithe mura bhfuil sócmhainní leordhóthanacha sa chiste leis na sochair fostaithe uile a bhaineann le seirbhís fosaithe sna tréimhsí reatha agus roimhe sin a íoc. Dá réir sin, déantar méid na sochar iarfhostaíochta a fhaigheann an fostaí a chinneadh le méid na ranníocaíochtaí a íocann an t-eintiteas (agus b'fhéidir an fostaí freisin) le plean sochair iarfhostaíochta nó le hárachóir, mar aon le fáiltais infheistíochta a eascraíonn as na ranníocaíochtaí".* Déileálfar leis na scéimeanna uile eile mar scéimeanna Sochair Shainithe.

Ó thaobh substainte de, measann na stiúrthóirí gurb amhlaidh atá ÚMICÉ fós faoin oibleagáid sochair scoir a íoc, ach gur gheall an Státchiste cistí leordhóthanacha a sholáthar do ÚMICÉ chun aon oibleagáidí den sórt sin a shocrú thar ceann ÚMICÉ de réir mar a bheidh siad dlite, ar choinníoll go n-íocann ÚMICÉ ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ar rátaí arna sonrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. D'ainneoin gur dhaingnigh an Státchiste go seasfaidh sé na dliteanais uile a eascraíonn chuig fostaithe ÚMICÉ (agus chuig a gcéilí, a bpáirtnéirí sibhialta agus a bpáistí) in éiric ranníocaíocht sheasta, tá na stiúrthóirí fós den tuairim gur ar an Údarás agus ar a fhostaithe atá an oibleagáid chonartha. Dá bhíthin sin, leanann na stiúrthóirí de chuntas a thabhairt sna scéimeanna mar scéimeanna Sochair Shainithe. Dá réir sin, sna ráitis airgeadais aithnítear Oibleagáid Sochair Scoir agus Cistiú Sochair Scoir Státchiste larchurtha is infhaighte.

4. Sócmhainní neamhreatha

	Trealamh TF	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomlán
Ráta Dímheasa	33.33%	20%	12.5%	
Costas	€	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2020	145,302	50,738	88,341	284,381
Breiseanna	7,792	-	-	7,792
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2020	153,094	50,738	88,341	292,173
Dímheas Carntha				
Ag an 1 Eanáir 2020	121,658	37,472	50,714	209,844
An muirear don bhliain	17,330	6,696	9,533	33,559
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2020	138,988	44,168	60,247	243,403
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR				
Ag an 1 Eanáir 2020	23,644	13,266	37,627	74,537
Ag an 31 Nollaig 2020	14,106	6,570	28,094	48,770

4.1 Sócmhainní neamhreatha 2019	Trealamh TF	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomlán
Ráta Dímheasa	33.33%	20%	12.5%	
Costas	€	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2019	131,378	46,021	88,116	265,515
Breiseanna	26,468	4,717	225	31,410
Diúscairtí	(12,544)	-	-	(12,544)
Ag an 31 Nollaig 2019	145,302	50,738	88,341	284,381
Dímheas Carntha	-	-	-	-
Ag an 1 Eanáir 2019	103,572	30,687	41,181	175,440
An muirear don bhliain	30,630	6,785	9,533	46,948
Diúscairtí	(12,544)	-	-	(12,544)
Ag an 31 Nollaig 2019	121,658	37,472	50,714	209,844
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR	-	-	-	-
Ag an 1 Eanáir 2019	27,806	15,334	46,935	90,075
Ag an 31 Nollaig 2019	23,644	13,266	37,627	74,537

5. Earraí infhaighte

	2020 €	2019 €
Féichiúnaithe Gnólachta Iniúchóireachta ELP	-	-
Féichiúnaithe CCF	236,000	-
Eile	103,097	116,449
	339,097	116,449

Le méid an Fhéichiúnaí CCF a léirítear thuas, tagraítear do chostais imscrúdaithe a thabhaítear agus a bhaineann le halt 934 imscrúdú, atá inmhuirearaithe i leith an CCF iomchuí. Déantar na costais sin a bhilleáil chuig an CCF sin i ndeireadh an imscrúdaithe.

6. Airgead agus coibhéisí airgid

	2020 €	2019 €
Banc – taisce fógra (Cúlchiste)	303,823	303,803
Banc – taisce fógra (Neamh-chúlchiste)	1,222,180	1,222,098
Banc – reatha	496,125	229,810
Airgead ar Láimh	44	44
Airgead iomlán agus coibhéisí airgid	2,022,172	1,755,755

7. Suimeanna iníoctha

	2020 €	2019 €
Pá agus pá-choibhneasta	146,281	73,361
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	6,187	3,458
Seirbhísí dlí agus gairmiúla	38,819	75,522
Eile	47,727	37,035
	239,014	189,376

8. Léasú cóiríochta, dreasacht cíosa iarchurtha

Maidir le cíosanna atá dlite faoi léasanna, íocann Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) iad agus aisíocann ÚMICÉ le OOP iad ar bhonn ráithiúil le comhaontú. Cuirtear cíosanna faoi mhuirear an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh i gcrích in 2005 i leith an dara hurlár, Teach na Sailí, Páirc na Mílaoise, an Nás, thairbhígh ÚMICÉ de thréimhse saor ó chíos i dtosach feidhme an léasa sin. Scaipeadh luach na dreasachta thar shaolré an léasa. Mar gheall ar an tsocraíocht sin, ba ann do mhuirear €27,652 sna ráitis airgeadais dáta an chorpraithe

agus do dhreasacht cíosa iarchurtha chomhfhreagrach, rud a scaoilfear chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar thréimhse an léasa.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh i gcrích in 2016 i leith an chéad urláir, Teach na Sailí, thairbhígh ÚMICÉ de thréimhse sé mhí eile atá saor ó chíos ó thosach feidhme an léasa seo go dtí an 14 Márta 2017. Scaipfear luach na dreasachta thar shaolré an léasa, i.e., go dtí an 14 Meán Fómhair 2025. Mar gheall ar an tsocraíocht sin, ba ann do mhuirear €40,630 sna ráitis airgeadais agus do dhreasacht cíosa iarchurtha chomhfhreagrach, rud a scaoilfear chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar thréimhse an léasa.

Luach na ndreasachtaí sin an 31 Nollaig a bheidh le scaoileadh chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	2020		2019	
	An Chéad Urlár €	An Dara hUrlár €	An Chéad Urlár €	An Dara hUrlár €
- laistigh de bhliain amháin	5,258	1,452	5,258	1,452
- in dhá bhliain go cúig bliana	19,598	5,872	21,032	5,808
- i mbreis agus cúig bliana	-	-	3,824	1,516
	24,856	7,324	30,114	8,776

9. Costais airgeadais

Fuair ÚMICÉ trealamh i mí Iúil 2017 trí léas airgeadais. Is ionann tréimhse an léasa agus 60 mí, agus déanfar íocaíochtaí iomlána €10,317 sa tréimhse sin. I ndeireadh na tréimhse léasa, aistreofar úinéireacht sócmhainní (le luach in airgead de €8,250 i mí Iúil 2017) chuig ÚMICÉ.

Is ionann luach na hoibleagáide airgeadais a fhabhraíonn chuig ÚMICÉ amhail ag an 31 Nollaig:

	2020 €	2019 €
- laistigh de bhliain amháin	2,063	2,063
- in dhá bhliain go cúig bliana	1,033	3,096
- i mbreis agus cúig bliana	-	-
	3,096	5,159

10. Tabhairt ar aghaidh maidir Féichiúnaí Deontais Státchiste / Tobhach CCF

Mar atá leagtha amach i Nóta 2, faightear ioncam ó roinnt foinsí. Tá na méideanna a aithnítear i dteannta iarmhéideanna i ndeireadh na bliana leagtha amach thíos.

	2020 €	2019 €
10.1 Ríomh an Ghlancheiteachais		
Ollcheiteachas de réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas	4,206,026	4,178,222
Le coigeartú don mhéid seo a leanas:		
Méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear le haghaidh fáiltais chaipitiúla	(25,767)	(15,538)
Costais airgeadais	324	512
Caiteachas a bhaineann leis an gCúlchiste (Nóta 2.4)	-	(18,940)
	<u>4,180,583</u>	<u>4,144,256</u>
Lúide:		
Socraíocht alt 934: ranníocaíocht le costais dlí	50,000	-
Costais imscrúduithe alt 934 is iníoctha ag CCA	236,000	-
Ús neamh-chúlchiste is infhaighte	82	79
Clárú leachtaitheora	-	2,500
Ioncam ó chlárú eintitis iniúcháireachta tríú tír	31,490	39,926
Glancheiteachas don bhliain	<u>3,863,011</u>	<u>4,101,751</u>
Glancheiteachas inchurtha i leith an Státchiste		
i. An Treoir Trédhearcachta (100%) (Nóta 2.4)	790,341	
ii. Oibleagáidí faoi Acht 2014 (40% den iarmhéid)	<u>429,984</u>	<u>1,303,743</u>
Glancheiteachas inchurtha i leith na CCFanna		
i. Glacadh Caighdeán Iniúcháireachta (100%) (Nóta 2.4)	400,905	
ii. Oibleagáidí faoi Acht 2014 (60% den iarmhéid)	<u>644,977</u>	<u>1,343,975</u>
Glancheiteachas inchurtha i leith na nGnólahtáí Iniúcháireachta ELP	<u>1,596,804</u>	<u>1,454,033</u>
	<u>3,863,011</u>	<u>4,101,751</u>

10.2 An Tabhairt ar Aghaidh maidir le Féichiúnaí Deontais / Tobhach a ríomh

	Státchiste	CCFanna	ELP – Gnólahtáí Iniúcháireachta	Iomlán
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2020	(110,851)	(617,025)	(628,966)	(1,356,842)
Ioncam chun críoch sonraithe				
Glacadh caighdeán iniúcháireachta		400,905		400,905
Cigireacht ar ELPanna			1,596,804	1,596,804
An Treoir Trédhearcachta	790,341			790,341
Glancheiteachas	<u>429,984</u>	<u>644,977</u>		<u>1,074,961</u>
Ioncam a aithnítear in I&C (Nóta 13)	1,220,325	1,045,882	1,596,804	3,863,011
Méideanna is infhaighte	<u>(1,325,653)</u>	<u>(1,227,975)</u>	<u>(1,685,015)</u>	<u>(4,238,643)</u>
Gluaiseacht 2020	(105,328)	(182,093)	(88,211)	(375,632)
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig 2020	<u>(216,179)</u>	<u>(799,118)</u>	<u>(717,177)</u>	<u>(1,732,474)</u>

11. Sochair Scoir

11.1 Forléargas

Foráiltear in alt 926(1) d'Acht 2014 nach bhféadfaidh ÚMICÉ scéim aoisliúntais a bhunú ach amháin le formheas an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ('na hAiri'). D'ullmhaigh ÚMICÉ tograí agus chuir faoi bhráid na nAiri iad i leith fostaithe agus céilí fostaithe, páirtneirí sibhialta agus páistí (bunaithe ar shochar sainithe na státseirbhíse 'Scéimeanna Eiseamláireacha'). Maidir leis na scéimeanna, a cuireadh isteach de bhun na forála comhfhreagraí in Acht 2003, d'fhorghas na hAiri iad an 29 Samhain 2010 agus an 5 Nollaig 2012 faoi seach. Tá na scéimeanna bunaithe ar scéimeanna 'eiseamláireacha' na státseirbhíse mar a thuairiscítear ar shuíomh gréasáin www.cspensions.gov.ie. Tá sochair faoi na scéimeanna sin bunaithe ar thuarastal deiridh na gcomhaltaí.

Tá fostaithe a chuaigh isteach sa tseirbhís phoiblí ón 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí den Scéim Aonair (mar atá leagtha amach i Nóta 2.6). Scéim sochair shainithe atá inti, agus sochair bunaithe ar thuillimh mheánghairme.

Go hachomair, is iad na socrúithe do na scéimeanna uile:

- go n-íoctar ranníocaíochtaí scéim fhostaithe ÚMICÉ leis an Roinn;
- go n-íocann ÚMICÉ ranníocaíocht fostóra leis an Roinn, agus ráta an chéanna socraithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. 25% ba ea an ráta is infheidhme in 2020 [2019: 25%], rud a bheidh uasteorannaithe chuig ar a mhéad trí oiread na ranníocaíochta fostaithe do chomhaltaí na Scéime Aonair;
- in éiric íocaíocht na ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra léi, gheall an Roinn, maidir le haon sochair a bheidh dlíte d'fhostaithe ÚMICÉ, agus/nó dá gcéilí, dá bpáirtneirí sibhialta agus dá bpáistí, go n-íocfaidh an Státchiste go hiomlán iad de réir mar a bheidh siad dlíte.

Dlíteanais scéime arb é atá iontu luach reatha íocaíochtaí todhchaí a thuilleann foireann ÚMICÉ go dtí seo, déantar iad a thomhas ar bhonn achtúireachta agus úsáid á baint as modh réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais phinsin sochair a thuilleann foireann ÚMICÉ sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaí, atá coimeáda ag an Roinn. Maidir leis an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh mhéid an Chistiúcháin Sochair Scoir Státchiste larchurtha, meastar go bhfuil sé cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanas na scéime pinsin.

Maidir le gnóthachain achtúireachta nó caillteanais achtúireachta a eascraíonn as athruithe i dtóimhdí achtúireacha agus ó bharrachais thaithí agus easnaimh thaithí, aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas iad le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid i leith an Chistiúcháin Sochair Scoir Státchiste larchurtha.

Maidir le ranníocaíochtaí fostóra, atá inmhuirearaithe ag ráta atá forchurtha ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus atá coinnte ag an Státchiste, déantar iad a mhuirearú nó a chreidiúnú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas a mhéid atá siad os cionn nó faoi bhun na gcostas pinsin faoi seach mar a thuairiscítear thuas.

11.2 Luacháil achtúireachta

Choimisiúnaigh ÚMICÉ luacháil achtúireachta ar dhliteanais thabhairt ag dáta an chlár comhardaithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) a tabhaíodh le linn na bliana. Tá an luacháil sin, a bhí bunaithe ar mhodh an Aonaid Réamh-mheasta, bunaithe ar na toimhdí seo a leanas:

	Ag 31-12-2020	Ag 31-12-2019
Ráta méadaithe i dtuarastail	2.50%	2.50%
Ráta méadaithe i bpinsin in íocaíocht	2.00%	2.00%
Ráta lascaine	0.80%	1.30%
Toimhde boiscithe	1.50%	1.50%
Ionchas saoil ag 70 bliain d'aois:		
Pinsinéirí reatha – fireanna	17.4 bliain	17.9 bliain
Pinsinéirí reatha – bainearna	19.7 bliain	20.2 bliain
Pinsinéirí todhchaí – fireanna	18.8 bliain	18.4 bliain
Pinsinéirí todhchaí – bainearna	21.3 bliain	20.8 bliain

2020: Ráitis Airgeadais agus Ráitis Ghaolmhara

Bunaithe ar a bhfuil thuas, is é luach reatha na ndliteanas dáta an chláir comhordaithe €8,137,000 [2019: €5,266,000], agus is ionann an costas seirbhíse (arna ríomh ar na toimhdí roimhe sin) don bhliain agus €416,000 [2019: €317,000]. I gcás comhaltaí foirne áirithe de ÚMICÉ, a charn seirbhís in áit eile sa tseirbhís phoiblí, níor fheidhmigh siad go dtí an dáta seo an rogha an tseirbhís chéanna a aistriú chuig ÚMICÉ.

11.3 Anailís ar na costais phinsin iomlána a mhuirearaítear i leith an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas

	2020 €	2019 €
Ranníocaíocht fostóra iomlán	468,369	410,275
*Costas seirbhíse reatha	648,000	546,000
Costas úis	68,000	77,000
Coigeartú ar chistiú pinsin Stáitchiste iarchurtha	(716,000)	(623,000)
An méid iomlán a mhuirearaítear i leith an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas	468,369	410,275

*Áiríodh ranníocaíochtaí fostaí, €231,874 [2019: €228,689] san iomlán, agus an costas seirbhíse reatha á ríomh.

11.4 Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin	2020 €	2019 €
Glandliteanas Pinsin ag an 1 Eanáir	5,266,000	3,829,000
Costas Seirbhíse Reatha	648,000	546,000
Costas Úis	68,000	77,000
Taithí (gnóthachain) ar dhliteanas scéime	257,000	313,000
Athruithe i dtoimhdí	1,915,000	507,000
Sochair a íocadh sa bhliain (arna gcothromú)	(17,000)	(6,000)
Glandliteanas Pinsin ag an 31 Nollaig	8,137,000	5,266,000

11.5 Stair maidir le dliteanas scéime agus taithí (gnóthachain)/caillteanas

	2020 €	2019 €	2018 €	2017 €	2016 €
Dliteanas scéime	8,137,000	5,266,000	3,829,000	3,328,000	2,665,000
Taithí (gnóthachain) ar dhliteanas scéime	257,000	313,000	279,000	83,000	23,000
Athruithe i dtoimhdí	1,915,000	507,000	(261,000)	204,000	568,000

12. Cuntas caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach gan amúchadh an ioncaim a úsáidtear chun críoch caipitil (i.e. fáiltais sócmhainne).

13. Ioncam

13.1 Clár Formheasta Caiteachais

B'ionann Clár Caiteachais ÚMICÉ don bhliain, arna fhorghas ag an Aire faoi alt 911(1) d'Acht 2014, agus €6,101,000 [2019: €6,151,000] mar atá leagtha síos thíos. Áirítear sa mhéid sin cistiú státhchiste (trí vóta 32 de chuid na Roinne, mírcheann C12) chuig ar a mhéid €955,000 [2019: €1,068,000] arna chur ar fháil le linn na bliana i leith fheidhmeanna ÚMICÉ faoin Treoir Trédhearcachta. Maidir leis na feidhmeanna i leith cigireachtaí iniúchóireachta agus caighdeáin iniúchóireachta a ghlacadh, chistigh gnólachtaí iniúchóireachta ELP agus CCAnna iad faoi seach.

	Státhchiste €	CCFanna €	Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP €	Iomlán €
Caiteachas athfhillteach	987,000	1,454,000		2,441,000
Leithdháileadh formheasta i leith caighdeáin iniúchóireachta a ghlacadh		391,000		391,000
Leithdháileadh formheasta i leith gníomhaíochtaí imscrúdaithe iniúchóireachta			2,314,000	2,314,000
Leithdháileadh formheasta i leith gníomhaíochtaí lena mbaineann an Treoir Trédhearcachta	955,000			955,000
Iomlán	1,942,000	1,845,000	2,314,000	6,101,000

Úsáideadh na méideanna roimhe sin, €6,101,000 san iomlán, mar bhonn chun an lucht cistiúcháin ar leith a bhilleáil in 2020, lúide méideanna atá dlite don lucht cistiúcháin sin i dtús na bliana, €1,356,842 san iomlán. B'ionann an glanchaiteachas don bhliain agus €3,863,011. I Nóta 10, nochtar anailís breise ar na méideanna sin, lena n-áirítear an t-iarmhéid, €1,732,474, atá dlite do lucht cistiúcháin i ndeireadh na bliana.

	2020 €	2019 €
13.2 Anailís ar ioncam		
<i>Ioncam atréimhseach faoi Acht 2014</i>		
Ioncam deontais státhchiste: vóta 32, mírcheann C12	429,984	688,763
Tobhaigh CCFanna	644,977	1,033,144
<i>Ioncam i leith Gníomhaíocht lena mBaineann an Treoir Trédhearcachta</i>		
Ioncam deontais státhchiste: vóta 32, mírcheann C12	790,341	614,980
<i>Ioncam i leith caighdeáin iniúchóireachta a ghlacadh</i>		
Tobhaigh CCAnna	400,905	310,831
<i>Ioncam i leith gníomhaíochtaí cigireachta iniúchóireachta</i>		
Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP	1,596,804	1,454,033
Ioncam iomlán ó lucht cistiúcháin	3,863,011	4,101,751
<i>Ioncam cúlchiste</i>		
Méideanna is infhaighte i leith fineálacha (alt 934)	72,000	-
<i>Ioncam i leith clárú leachtaitheora</i>		
Táillí iarratais a fuarthas ó leachtaitheoirí	-	2,500
<i>Ioncam i leith clárú eintitis iniúchóireachta tríú tír</i>		
Táillí clárúcháin a fuarthas ó eintitis iniúchóireachta tríú tír	31,490	39,926
<i>Costais imscrúdaithe a fhorchúiteamh</i>		
Socraíocht alt 934: ranníocaíocht le costais dlí	50,000	-
Costais imscrúduithe alt 934 is iníoctha ag CCA	236,000	-
	4,252,501	4,144,177

14. Costais Foirne

	2020 €	2019 €
Tuarastail	2,512,422	2,222,716
Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra	264,783	230,892
Ranníocaíochtaí Sochair Scoir Fostóra	468,369	410,275
	3,245,574	2,863,883

B'ionann meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana agus 29 [2019: 29]. B'ionann líon foirne lánaimseartha ÚMICÉ an 31 Nollaig 2020 agus 30 [2019: 29]. Íoctar fostaithe ÚMICÉ ar bhonn scálaí tuarastail atá ar aon dul le gráid státseirbhíse. Is ionann na tuarastail sin agus an pá iomlán agus ní íocann ÚMICÉ liúntais bhreisama ná liúntais den tsamhail chéanna.

I gcomhréir le ceanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá anailís ar an luach saothair fostaí iomlán, bunaithe ar a bpáphointe ag an 31 Nollaig dóibh sin a thuilleann níos mó ná €60,000, leagtha amach thíos:

	2020	2019
€60,000 go €69,999	2	2
€70,000 go €79,999	1	2
€80,000 go €89,999	5	4
€90,000 go €99,999	3	8
€100,000 go €109,999	9	5
€110,000 go €119,999	2	-
€120,000 go €129,999	-	-
€130,000 go €139,999	-	-
€140,000 go €149,999	-	-
€150,000 go €159,999	-	1
€160,000 go €169,999	1	-
	23	22

15. Táillí agus costais de chuid an bhoird

Tá táillí iníoctha le comhaltaí boird ag ráta a shonraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó thráth go chéile. I gcomhréir le rialacháin de chuid na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe agus leis an gCód, níl táillí iníoctha le comhaltaí boird áirithe is seirbhísigh phoiblí iad freisin.

	2020 €	2019 €
Martin Sisk	11,970	11,970
David Devlin	3,163	7,695
Etain Doyle	3,163	7,695
Clodagh Hegarty	4,551	-
Aisling Kennedy	443	-
Nicole Lappin	5,406	7,695
Aisling McArdle	7,695	2,614
Ronan Nolan	4,551	-
	40,942	37,669

Ina theannta sin, thabhaigh comhaltaí an bhoird €2,635 [2019: €10,976] san iomlán le linn na bliana ar mhaithe lena ndualgais. Áirítear sna méideanna sin costais a íoctar go díreach le comhaltaí boird agus iad sin a thabhaíonn ÚMICÉ thar a gceann. €5,722 [2019: €11,002] san iomlán, mar a thuairiscítear i Nóta 25, a bhí sna costais a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach nó a tabhaíodh thar cheann an Phríomhfheidhmeannaigh.

16. Taisteal agus cothú

	2020 €	2019 €
Náisiúnta	12,279	65,485
Idirnáisiúnta	17,171	72,280
	29,450	137,765

Áirítear sna méideanna sin costais taistil agus chothaithe a íocadh le comhaltaí boird. Tá an t-iomlán a íocadh le comhaltaí boird (seachas an Príomhfheidhmeannach) le haghaidh costais taistil agus chothaithe náisiúnta in 2020 cothrom le €1,310 [2019: €4,939] agus tá an t-iomlán sin le haghaidh costais taistil agus chothaithe in 2020 cothrom le neamhní [2019: neamhní]

17. Seirbhísí sainchomhairleoireachta, dlí agus gairmiúla

	2020 €	2019 €
<i>Sainchomhairleoireacht</i>		
Comhairle Dlí – Ginearálta	28,236	68,535
- Clárú Leachtaitheoirí	-	18,074
- Coistí fiosrúcháin – alt 933	-	18,940
- Coistí imscrúdaithe – alt 934	106,781	171,898
- Brexit	59	48,569
Seirbhísí caidrimh phoiblí	610	-
Seirbhísí Earcaíochta	10,742	10,740
Iarrataí RGCS/Rochtana Sonraí	1,215	43,033
<i>Seirbhísí Gairmiúla</i>	147,643	379,789
Athbhreithniú ar an ráiteas airgeadais (an Treoir Trédhearcachta)	59,365	45,510
Coistí imscrúdaithe – alt 934	34,599	31,101
Seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí agus seirbhísí achtúireachta	27,428	16,063
Oiliúint agus meastóireacht an bhoird	1,353	2,614
Cláir folláine fostaithe	2,040	8,696
Seirbhísí brandála agus dearaidh	7,421	18,757
Oibreacha ailtireachta agus comhlachaithe	12,826	4,798
Tacaíocht acmhainní daonna	12,193	-
	157,225	127,539
Iomlán	304,868	507,328

Is costais gnó mar is gnách iad na costais sainchomhairleoireachta uile.

18. Caiteachas oifige – féilteachas/fáilteachas

Áirítear na méideanna seo a leanas i gcaiteachas oifige, €62,166 [2019: €85,344] san iomlán:

	2020 €	2019 €
<i>Inmheánach</i>		
Béilí/deochanna	35	192
Bláthanna/bronntanais	215	283
<i>Seachtrach</i>		
Béilí/deochanna	118	480
Bláthanna/bronntanais	353	-
	721	955

19. Luach saothair an iniúcháora

	2020 €	2019 €
Iniúchadh ar ráitis airgeadais na cuideachta	15,700	14,300

Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste seirbhísí neamh-iniúchóireachta do ÚMICÉ ná níor sholáthair an tArd-reachtair Cuntas agus Ciste aon seirbhísí le linn na bliana seachas seirbhísí iniúchóireachta reachtúla.

20. Ioncam airgeadais – anailís ar ús infhaighte

Cuntais taisce fógra	Cúlchiste €	Neamh- chúlchiste €	IOMLÁN €	2019 €
An t-ús comhlán is infhaighte	34	139	173	173
DIRT	(14)	(57)	(71)	(71)
An t-ús glan is infhaighte	20	82	102	102

21. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an luach glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2020 €	2019 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	46,253	(34,455)
Nithe Neamhoibriúcháin:		
Lúide: Ioncam airgeadais	(102)	(103)
Móide:	46,151	(34,558)
Méadú ar shuimeanna iníoctha	49,638	10,174
Méadú/(Laghdú) in ioncam tobhaigh CCFanna barrachais	182,093	(352,179)
Méadú/(Laghdú) in ioncam deontais roinne barrachais	105,328	(37,799)
Méadú ar ioncam tobhaigh ELP barrachais	88,211	30,894
Suimeanna iníoctha (méadaithe)	(222,648)	(19,189)
Laghdú ar fhardal	225	408
Laghdú ar chostais léasa airgeadais iarchurtha	324	512
Oibleagáidí léasa airgeadais (laghdaithe)	(2,063)	(3,744)
Dreasacht cíosa iarchurtha (laghdaithe)	(6,711)	(6,710)
Dímheas	33,559	46,948
	227,956	(330,685)
Glan-insreabhadh airgid/(glan eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	274,107	(365,243)

	Airgead sa bhanc agus ar láimh €	Airgead ar thaisceadh téarma shocraithe (neamh- chúlchiste) €	Airgead ar thaisceadh téarma shocraithe (neamh- chúlchiste) €	IOMLÁN €
larmhéid ag an 1 Eanáir 2020	229,854	1,222,098	303,803	1,755,755
Sreabhadh airgid don bhliain	266,315	82	20	266,417
larmhéid ag an 31 Nollaig 2020	496,169	1,222,180	303,823	2,022,172

22. Anailís ar athruithe i nglanchistí

23. Cánachas

Is comhlacht stát-tionscanta neamhthráchtála é ÚMICÉ chun críoch cánach agus, dá réir sin, níl ioncam ná gnóthachain chaipitiúil a eascraíonn, más ann, dlite i leith cáin ioncaim ná cáin gnóthachan caipitil faoi seach. Níl ÚMICÉ díolmhaithe, mar sin féin, ó Cháin Choinneála ar Ús Taisce.

24. Oibleagáidí airgeadais

24.1 Oibleagáidí caipitil

Ní hann d'aon oibleagáidí caipitil amhail ag an 31 Nollaig 2020.

24.2 Oibleagáidí cíosa

Léasann OOP áitreabh ÚMICÉ thar ceann an Stáit. Glacann ÚMICÉ an t-áitreabh ar cíos ar a uain ó OOP, ach níl aon ghealltanais soláthartha aige maidir leis sin. Ós rud é nach bhfuil ÚMICÉ ina pháirtí sa léas, níl aon ghealltanais chíosa aige sa dá mhí dhéag atá le teacht. Is ionann gealltanais chíosa faoin léas sa dá mhí dhéag atá le teacht, agus atá iníoctha ag OOP, agus €195,646 [2019: €195,646].

25. Tuarastal agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh Kevin Prendergast, Uasal ina Phríomhfheidhmeannach an 14 Samhain 2016. Tá a luach saothair mionsonraithe thíos. Formheasann an tAire an méid le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní raibh an Príomhfheidhmeannach i dteideal táille boird a fháil, ná ní raibh an scéim bónaís a bhaineann le feidhmíocht i ngníomh in 2020. Tá Prendergast, Uasal fós ina chomhalta de Scéim Pinsin na Státseirbhíse. Léiríonn a bhfuil thuas pacáiste luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh don tréimhse.

	2020 €	2019 €
Olltuarastal	162,934	149,405
	162,934	149,405

Is stiúrthóir *ex-officio* de chuid na cuideachta an Príomhfheidhmeannach. Déantar na costais a thabhaíonn an Príomhfheidhmeannach go díreach i bhfeidhmiú a dhualgas agus/nó a thabhaíonn ÚMICÉ thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh a nochtadh anseo thíos.

	2020 €	2019 €
Comhaltais ghairmiúla	1,482	1,465
Costais taistil agus chothaithe, lena n-áirítear táillí aeir	2,940	7,742
Costais fóin póca	475	986
Seirbhísí Idirlín	110	242
Nithe teagmhasacha	765	567
	5,772	11,002

26. Idirbhearta páirtí ghaolmhair

26.1 Stiúrthóirí

Tá mionsonraí i dtaobh na n-íocaíochtaí uile a rinneadh le stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus leis an bPríomhfheidhmeannach leagtha amach i nóta 15 agus i nóta 25 faoi seach. Níorbh ann d'aon idirbhearta eile le stiúrthóirí le linn na bliana [2019: neamhní], ná ní raibh aon iarmhéideanna gan íoc ag an dáta tuairisciúcháin [iarmhéid ag an 31 Nollaig 2019: neamhní].

26.2 An príomhphearsanra bainistíochta

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí ÚMICÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Faoi mar atá luaite thíos, tá na h-íocaíochtaí uile a rinneadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta sin leagtha amach i nóta 15 agus i nóta 25 faoi seach.

26.3 Páirtithe gaolmhara eile

Níorbh ann d'aon idirbhearta páirtí ghaolmhair eile le linn 2020 ná 2019 ná ní raibh aon mhéideanna gan íoc i ndeireadh na bliana ach oiread.

27. Comhaltaí an bhoird – nochtadh idirbheart

I gcomhréir leis an gCód, tá cód iompair gnó i bhfeidhm le haghaidh chomhaltaí an bhoird. Sa chód iompair gnó, áirítear treoir i ndáil le nochtadh leasanna arna dhéanamh ag comhaltaí boird agus chloígh an bord leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana a chumhdaítear leis na ráitis airgeadais sin. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, níorbh ann d'aon idirbhearta airgeadais le stiúrthóirí seachas íocaíocht tháillí agus chostais an bhoird a mhionsonraítear i nóta 15. Níorbh ann d'ócáid ar bith trínar nocht comhalta boird leas airgeadais le linn 2020.

28. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Formheasadh agus údaráíodh na ráitis airgeadais chun críche a n-eisiúna ag an mbord stiúrthóirí an.